C/2024/1717

22.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11411 — BPIFRANCE / MERIDIAM / EXOES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1717)

1. An 13 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Bpifrance Investissement (an Fhrainc), faoi rialú Caisse des Dépôts et Consignations (an Fhrainc)

— Meridiam SAS ('Meridiam') (an Fhrainc), faoi rialú Meridiam Infrastructure Partners S.A.S. (an Fhrainc)

— Groupe Exoès ('JV') (an Fhrainc).

Gheobhaidh Bpifrance Investissement agus Meridiam rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Bpifrance Investissement atá formheasta agus maoirsithe ag *Autorité des Marchés Financiers* sa Fhrainc,

— Is infheisteoir agus bainisteoir sócmhainní domhanda é Meridiam a dhéanann speisialtóireacht i mbainistiú inbhuanaithe sócmhainní agus, go háirithe, i bhforbairt agus i mbainistiú tionscadal gnó lena n-éascaítear an t-aistriú glas,

— Is speisialtóir é an JV i gcórais theirmeacha le haghaidh cadhnraí leictreacha, mótair leictreacha, leictreonaic chumhachta agus teaschaidéal. Soláthraíonn sé seirbhísí comhairleachta agus innealtóireachta a bhaineann le córais fuaraithe ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha. Thairis sin, tá sé beartaithe ag an JV ceallraí leictreacha a mhonarú agus a thráchtálú ó 2026 ar aghaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11411 — BPIFRANCE / MERIDIAM / EXOES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË